C/2025/2809

19.5.2025

Fógra le haghaidh duine atá faoi réir na mbeart sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua

(C/2025/2809)

Dírítear aird Mohammad-Reza Gharaei ASHTIANI (Uimh. 7), duine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne an duine thuasluaite a choimeád agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl don duine sin, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh sé an ráiteas ar chúiseanna atá beartaithe, **roimh an 26 Bealtaine 2025**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Global and Horizontal Affairs
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Maidir le barúlacha a gheofar roimh an 9 Meitheamh 2025, cuirfear san áireamh iad chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh 2023/1532/CBES agus le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2023/1529.

([1]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 20.
([2]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 1.